Eitiltí ó Mhaigh Eo go Meiriceá

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Aerfort Iarthar Éireann i gCnoc Mhuire i gContae Mhaigh Eo. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cén tábhacht atá ag baint le haerfort i gceantar tuaithe? (Smaoinigh ar fhostaíocht, turasóireacht, gnó, srl.) An bhfuil aon mhíbhuntáistí ag baint le haerfoirt do phobal na háite?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. transatlanctic flights _____
2. twenty years in existence _____
3. a significant increase _____
4. low-cost airline _____
5. direct connection _____
6. population _____
7. national average _____
8. to invest money _____
9. the local parish priest _____
10. pilgrims from America _____
11. competitive prices _____
12. motto _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cad iad na seirbhísí nua a bheidh ar fáil ó Aerfort Iarthar Éireann an samhradh seo?

2. Cad leis a bhfuil an bainisteoir forbartha Caoimhin Ó Curracáin ag súil sa bhliain 2008?

3. Dar leis an Aire Ó Cuív, cén fáth go mbeidh sé níos éasca don rialtas airgead a infheistiú in iarthar na tíre as seo amach?

4. Cén fáth go bhfuil an sagart paróiste áitiúil sásta leis na heitiltí nua?

5. Cén grúpa eile a bhainfeas leas as na heitiltí nua, dar le bainisteoir an aerfoirt, Liam Scullen?

Ceist 4 ‘Rachaidh dhá eitilt *in aghaidh na seachtaine* go Bostún.’
‘Is é an manna nua atá ag Aerfort Iarthar na hÉireann ná ‘do chomharsana *ar fud an domhain*’.

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigí na habairtí a leanas ag baint úsáide as na focail idir lúibíní.

1. Tá siad ina gcónaí ar an bpríomhbhóthar ach tá gairdín an-mhór os comhair _____. (an teach)

2. Ní bhíonn an aimsir rófhuar in Éirinn i rith _____ i gcomparáid le tíortha i dtuaisceart na hEorpa. (an geimhreadh)

3. Tá siopa beag i lár an bhaile agus tá an t-árasán os cionn _____ le ligean ar cíos. (an siopa)

4. Tá na páirceanna peile suite ar chúl _____. (an scoil)

5. Bhí fearg ar an múinteoir toisc go raibh roinnt daltaí ag caint le linn _____. (an scrúdú)

Ceist 5 ‘Tá *eitiltí trasatlantacha* le cur ar fáil as aerfort Chnoc Mhuire i gContae Mhaigh Eo.’
‘Beidh na heitiltí ag dul go *haerfoirt mhóra* i Meiriceá.’

Cén fáth go bhfuil séimhiú ar an aidiacht iolra sa dara sampla?
An féidir leat féin agus an duine in aice leat na bearnaí thíos a líonadh? Tá an chéad dhá cheann déanta daoibh.

1	praghas iomaíoch	praghasanna iomaíocha
2	focal clóite	focail chlóite
3	ceist dheacair	
4	leabhar suimiúil	
5	baile meánaoiseach	
6	crann beag	
7	teach deas	
8	fuinneog mhór	
9	bord cearnógach	
10	léine bhán	
11	ríomhaire nua	
12	gairdín slachtmhar	

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa: Tá manna nua ag Aerfort Iarthar Éireann agus is é sin ‘do chomharsana ar fud an domhain’. Cad is brí leis an manna sin? An dóigh libh gur manna maith atá ann? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. eitiltí trasatlantacha
2. scór (fiche) bliain ar an bhfód
3. méadú suntasach
4. aerlíne ar chostas íseal
5. nasc díreach
6. daonra
7. meán náisiúnta
8. airgead a infheistiú
9. an sagart paróist áitiúil
10. oilithrigh ó Mheiriceá
11. praghasanna iomaíocha
12. manna

Ceist 3

1. Tosnóidh *Fly Globespan*, comhlacht ón Albain, seirbhís nua thrasatlantach ó Aerfort Iarthar Éireann ag deireadh mhí na Bealtaine seo chugainn. Rachaidh trí eitilt sa tseachtain go haerfort JFK i Nua-Eabhrac i dteannta le dhá sheirbhís eile go Bostún in aghaidh na seachtaine.

2. Tá sé ag súil le 56,000 turasóir ó Mheiriceá agus beidh siad ag caitheamh thart ar 4 nó 5 mhilliún nó thart ar an méid sin. Deir an bainisteoir forbartha go bhfuil oifigí i Meiriceá freisin ag thart ar 50% de na comhlachtaí ilnáisiúnta atá in iarthar na hÉireann, agus go mbíonn siad ag teacht agus ag imeacht. Nuair atá nasc díreach ó iarthar na hÉireann, cabhraíonn sé go mór le lucht gnó.

3. Dar leis an Aire Ó Cuív, beidh sé níos éasca don rialtas airgead a infheistiú san infrastruchtúr in iarthar na tíre de bharr fás an daonra i gCúige Chonnacht.

4. Deir an sagart paróiste áitiúil, an monsignor Joseph Quinn, go gcuirfidh na heitiltí nua go mór le líon na n-oilithreach ó Mheiriceá go dtí scrín Chnoc Mhuire.

5. Ceangal fíorthábhachtach a bheidh anseo idir an 35 milliún Éireannach atá ag maireachtaint i Meiriceá agus muintir na tíre seo, dar le bainisteoir an aerfoirt, Liam Scullen.

Ceist 4

An tuiseal ginideach tar éis réamhfhocail chomhshuite atá i gceist anseo.

1. os comhair an tí
2. i rith an gheimhridh
3. os cionn an tsiopa
4. ar chúl na scoile
5. le linn an scrúdaithe

Ceist 5

Cuirtear séimhiú ar an aidiacht a leanann ainmfhocal iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol (m.sh. leabhair shuimiúla). Ní chuirtear aon séimhiú ar aidiacht a leanann ainmfhocal iolra a chríochnaíonn ar ghuta (m.sh. tithe deasa).

1	praghas iomaíoch	praghasanna iomaíocha
2	focal clóite	focail chlóite
3	ceist dheacair	ceisteanna deacra
4	leabhar suimiúil	leabhair shuimiúla
5	baile meánaoiseach	bailte meánaoiseacha
6	crann beag	crainn bheaga
7	teach deas	tithe deasa
8	fuinneog mhór	fuinneoga móra
9	bord cearnógach	boird chearnógacha
10	léine bhán	léinte bána
11	ríomhaire nua	ríomhairí nua
12	gairdín slachtmhar	gairdíní slachtmhara

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Don chéad uair ariamh tá eitiltí trasatlantacha le cur ar fáil as aerfort Chnoc Mhuire i gContae Mhaigh Eo. Tá sé i gceist go gcuirfí eitiltí ar fáil idir an t-aerfort agus Bostún agus Nua-Eabhrac ag tosnú an samhradh seo. Tá an scéal ag Eibhlín Ní Choistealbha.

Eibhlín Ní Choistealbha

Bhailigh tuairim is 621 míle paisinéir a gcuid bagáiste anseo in Aerfort Iarthar Éireann i gCnoc Mhuire agus iad ag ceiliúradh scór bliain ar an bhfód anuraidh, méadú suntasach ó osclaíodh é i 1986. Ach tá méadú eile le teacht air sin fós tar éis fógra an lae inniu. Tá an chéad sheirbhís sceidealta dhíreach trasatlantach le haerlíne ar chostas íseal le tosnú i gCnoc Mhuire. Tosnóidh *FlyGlobespan*, comhlacht ón Albain, an tseirbhís nua trasatlantach anseo ag Aerfort Iarthar Éireann i gCnoc Mhuire ag deireadh mhí na Bealtaine seo chugainn. Rachaidh trí eitilt sa tseachtain go haerfort JFK i Nua-Eabhrac i dteannta le dhá sheirbhís eile go Bostún in aghaidh na seachtaine. Meastar go dtabharfaidh an tseirbhís nua seo suas le 35,000 turasóir go dtí an réigiún seo i 2007. Buntáiste ollmhór a bheidh ann do cheantar an iarthair le breis airgid leis.

Caoimhín Ó Curracáin

I 2008 táimid ag súil le 56,000 duine[1], turasóirí le teacht ó Mheiriceá agus beidh siad ag caitheamh thart ar 4 nó 5 mhilliún nó thart ar sin i 2008 *so* is rud an-mhór don cheantar…ach ní hé amháin sin, don lucht gnó anseo, tá thart ar 50% de na *multinationals*[2] anseo, tá na hoifigí acu i Meiriceá freisin agus bíonn siad ag teacht agus ag imeacht. Nuair atá nasc díreach ó iarthar na hÉireann go Meiriceá, cuireann sé go mór leis an lucht gnó anseo freisin.

Eibhlín Ní Choistealbha

Le linn dó bheith ag caint ag ócáid an lae inniu dúirt an tAire Ó Cuív go raibh daonra Chúige Chonnacht ag fás níos tapúla ná an meán náisiúnta.

Éamon Ó Cuív

Tá i bhfad níos mó spéise i gCnoc Mhuire agus ár ndóigh beidh sé níos éasca don rialtas airgead a infheistiú san infrastruchtúr de bharr fás an daonra agus is an-dea-scéal é sin do Chúige Chonnacht.

Eibhlín Ní Choistealbha

Dúirt an sagart paróiste áitiúil, an monsignor Joseph Quinn go gcuirfidh sé go mór le hoilithrigh ó Mheiriceá go dtí scrín Chnoc Mhuire leis. Agus ceangal fíorthábhachtach a bheidh anseo idir an 35 milliún Éireannach atá ag maireachtaint i Meiriceá agus muintir na tíre seo, a dúirt bainisteoir an aerfoirt, Liam Scullen. Praghasanna iomaíocha a bheidh i gceist le *FlyGlobespan* agus deir Aerfort Iarthar na hÉireann go gcabhróidh sé seo go mór leis an manna nua atá acu ‘do chomharsana ar fud an domhain’.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4, i gContae Mhaigh Eo.

[1] *56,000 daoine* a deirtear sa mhír
[2] comhlachtaí ilnáisiúnta